cecde
Centre for Early Childhood Development & Education
An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

alana

Nuachtlitir an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Uimh. 4, Earrach 2003

Ag lainseáil an LFOLO 31 Samhain, 2002

Fáilte...

...dár gcéad nuachtlitir i 2003! Cuirfidh an t-eagrán seo ar an eolas thú i dtaobh dá cheann dár n-imeachtaí reatha: an t-iniúchadh ar thaighde Éireannach i dtaca le hoideachas agus cúram luath-óige agus An t-Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí chun mí-bhuntáiste oideachasúil a laghdú agus chun freastal ar riachtanais speisialta. Tá an dá thionscadal seo ag dul ar aghaidh go maith agus tá súil againn tuairiscí iomlána a fhoilsiú faoi cheann na bliana seo.

Tá ár bhfoireann gar do bheith iomlánaithe. Tá an Dr Gemma Kiernan tar éis a ceapaithe mar Stiúrthóir Cúnta againn agus tosóidh an tUas Peadar Cassidy ag obair linn mar Oifigeach Eolais go gairid.

Heino Schonfeld
Stiúrthóir

Conas dul i dteagmháil linn:

Teach an Gheata, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01 884 2225 Faics: 01 884 2107
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie

Ár Stiúrthóir Cúnta Nua

Tá an **Dr Gemma Kiernan** ceapaithe mar Stiúrthóir Cúnta ag an An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige agus thosaigh sí ag obair ar 27 Eanáir.

Bronnadh Ph D sa Siceolaíocht ar an Dr Kiernan ó Choláiste na Tríonóide, BAC i 2000.

Bhí sí ina Stiúrthóir Sinsearach Foirne ag Barretstown Gang Camp agus ina Bainisteoir Forbairte Eagraíochta le Barnardos.

Is cúis áthais dúinn í bheith ar bord againn!

Comhdhála agus Imeachtaí

Comhdháil Earraigh IPPA, 22 Bealtaine, 2003, Eolas: 01 4630010

Childminding Ireland, Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus Comhdháil, 29 Márta, 2003, Lucan Spa Hotel

World Forum on Early Care and Education, 13-16 Bealtaine, 2003, Acapulco, Meicsiceo

Comhdháil OMEP, UCC, 5 Aibreán, 2003, Eolas: lcrossan@education.ucc.ie

Clár Ábhair

- *Maidir leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige*
- *Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí chun mí-bhuntáiste oideachasúil a laghdú agus chun freastal ar riachtanais speisialta*
- *Iniúchadh ar Thaighde*

Coláiste Phádraig Droim Conrach
NDP
DIT Dublin Institute of Technology

Cé sinne?

I 2001 d'iarr an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar Institiúid Teicneolaíocht Átha Cliath agus ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige a bhunú i gcomhar lena chéile. Is í aidhm an LFOLO (CECDE) oideachas luath-óige a fhorbairt agus a chomh-ordú de réir na gcuspóirí sa bPáipéar Bán *Ready to Learn* agus comhairle a chur ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le ceisteanna polasaí sa réimse seo. Cuimsíonn clár oibre an Lárionaid leanaí ó 0 go 6 bliana d'aois i réimse éagsúil suíomh, ina measc teaghlaigh, naíolanna, grúpaí súgartha, feighlithe leanaí, réamhscoileanna agus ranganna naíonán i mbunscoileanna.

Is iad príomh-**chuspóirí** an Lárionaid:

- Creatlach feabhais a fhorbairt do oideachas luath-óige;
- Modhanna cabhraithe a fhorbairt ar bhun píolóide a bheidh dírithe go speisialta ar leanaí atá faoi mhí-bhuntáiste oideachasúil agus do leanaí le riachtanais speisialta; agus
- Bunsraith a ullmhú do bhunú na hÁisíneachta Oideachas Luath-Óige mar a shamhlaítear sa bPáipéar Bán.

Sa gcomhthéacs seo, is iad **feidhmeanna** an Lárionaid:

- Caighdeáin fheabhais a fhorbairt san oideachas luath-óige i dtaca le gach gné den oideachas luath-óige, ina measc fearas agus ábhar, cáilíochtaí foirne, oiliúint, cuspóirí foghlama, modhanna múinteoireachta, curaclam agus nithe gaolmhara;
- Creatlach tacaíochta a fhorbairt chun lucht soláthar oideachas luath-óige a spreagadh chun caighdeáin fheabhais a shroicheadh;
- Soláthar oideachas luath-óige a chomh-ordú agus a fheabhasú, rannpháirtíocht na dtuismitheoirí san áireamh, le fócas speisialta ar leanaí atá faoi mhí-bhuntáiste oideachasúil agus do leanaí le riachtanais speisialta;
- Taighde agus forbairt a sheoladh agus/nó a choimisiúnú trínar féidir sár-mhodhanna i gcúrsaí curaclaim, modhanna múinteoireachta agus rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú.

Forbróidh an Lárionad **caighdeáin agus treoirlínte** insna réimsí seo leanas de fhorbairt agus oideachas luath-óige:

- Fearas agus ábhar
- Foireann agus cáilíochtaí
- Curaclam agus modhanna múinteoireachta
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Ní amháin go n-éascaíonn sár-oideachas agus cúram luath-óige foghlaim ar feadh saol an duine, ach tá ard-mheas orthu mar shlí chun fhreastal ar bhun-riachtanais agus cearta an linbh. Tá clár oibre an LFOLO leathan agus cuimsíonn sé mórán foranna oibre traidisiúnta. Rachaidh an Lárionad i gcomhairle go rialta, agus a bhfeidhmeanna á chomhlíonadh aige, le háisíneachtaí bainteacha, grúpaí, comhlachtaí comhairleacha agus lucht soláthar oideachas luath-óige. Chuige seo, cuirfear Comhchoiste Comhairleach ar bun go gairid chun rannpháirtithe gur suim leo é a chur ar an eolas maidir le dul ar aghaidh an tionscadail; chun deis a thabhairt dóibh a dtuairimí a nochtadh agus chun fóram a chur ar fáil chun ceisteanna a bhaineann le hoideachas luath-óige a phlé.

D'fhonn tuilleadh eolais a fháil cuir scéala ar:

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Teach an Gheata
Coláiste Phádraig
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01 884 2110 Faics: 01 884 2107
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie

An t-Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí chun mí-bhuntáiste oideachasúil a laghdú agus chun freastal ar riachtanais speisialta

Ta an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige tar éis tabhairt faoi threoir a chur ar fáil do sholáthar seirbhísí do leanaí atá i mbaol bheith faoi mhíbhuntáiste nó atá faoi mhíbhuntáiste, agus do sheirbhísí do leanaí le riachtanais speisialta san aois-réimse 0-6 bliain. Is í cuspóir an iniúchta eolas bunlíne a chur ar fáil gur féidir a thógáil air amach anseo trí thuilleadh taighde.

Cnuasach eolais

Tá cnuasach an eolais dulta ar aghaidh go maith. Thosaíomar trí scríobh chuig réimse an-leathan comhlachtaí a raibh baint acu le soláthar seirbhísí, bíodh an comhlacht i gceist ina sholáthraí maoinithe, ina sholáthraí seirbhíse, ina chomhlacht comhordaithe nó ina scáthchomhlacht. Chuamar i dteagmháil le comhlachtaí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun go mbeadh bunús eolais chomh leathan agus ab fhéidir againn.

D'iarramar eolas bunlíne – suíomh, réimse aoise, cé chomh fada agus a bhí an tseirbhís ann agus cuspóir na seirbhíse. Bhí súil againn go gcuirfeadh daoine nach raibh rannpháirteach go díreach i soláthar seirbhíse, ach a raibh eolas acu ar ghrúpaí seirbhísí, an t-eolas go díreach chugainn. Tá sonraí den sórt seo an-luachmhar mar go gcuireann sé ar ár gcumas pictiúr níos cuimsithí a chruthú, agus an sonraí a chur i gcomparáid le freagraí indibhidiúla.

Táimid fíor-bhuíoch do na daoine agus do na grúpaí sin ar fad a chaith am ag ullmhú freagraí dúinn, d'ainneoin a sceideal gnóthacha, agus a ghlaoigh orainn ar an bhfón chun an tionscadal a phlé. D'fháilteoimís roimh tuilleadh freagraí dár litreacha más ann dóibh, agus bheimís rí-shásta iad a mhíniú a thuilleadh más rud é go bhuil éinne fós a bhfuil eolas aige/aici.

Cuspóir an tionscadail

Foilseoidh an Lárionad an tIniúchadh níos déanaí sa bhliain seo, chomh maith le é a chur ar an Idirlín. Creidimid go bhfuil na foilseacháin seo ina dtosach ar bhunachar sonraí náisiúnta seirbhísí. Éascóidh bunachar sonraí dá leithéid pleanáil, ag cur soláthar in oiriúint do riachtanais agus ag cur leor-sholáthar seirbhísí chun cinn. Cuirfidh an tionscadal agus an t-eolas a chnuasófar dlús le tuilleadh thaighde a bheidh níos mine agus tógfaidh siad struchtúr dó.

Críoch

Cé nach bhfuil anseo ach céad-chéim i dtreo bhunachar sonraí náisiúnta do sholáthar do leanaí faoi mhí-bhuntáiste agus leanaí le riachtanais speisialta i ngach réimse, bheadh súil againn bheith chomh cuimsitheach agus is féidir. Ba mhaith linn thar gach ní go mbeadh cúntas dílis san iniúchadh ar obair i ngach réimse agus i ngach condae, agus do iarrachtaí gach duine atá rannpháirteach inti. Tá súil againn nach bhfágfar an obair seo i bhfolach agus go leanfaidh an sruth eolais ag teacht chugainn!

Jacqueline Fallon and Maresa Duignan
jacqueline.fallon@spd.dcu.ie
maresa.duignan@spd.dcu.ie

01 844 2146 / 01 884 2106

Iniúchadh Taighde

Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige i mbun iniúchadh taighde a sheoladh i dtaca le hoideachas agus cúram luath-óige in Éirinn. Is é tarchur ar leith an iniúchta leanaí san aois-réimse 0-6 bliain, ar a n-áirítear ranganna naíonán i mbunscoileanna. Is é an t-iniúchadh seo an chéad cnuasach den réimse leathan sonraí atá ar fáil in Éirinn agus beidh sé ina acmhainn luachmhar tagartha do dhaoine gairmiúla, cleachtóirí agus taighdeoirí atá ag plé leis an ábhar seo.

Tá ionadh agus ríméad orainn faoin líon ollmhór míreanna taighde a tháinig chun cinn le linn na hoibre seo. Teorannaíodh téarmaí tagartha an iniúchta do thaighde Éireannach a sheoladh ó 1990, mar gheall ar mhéid an ábhair a bhí ar fáil. Táthar ag súil go bhfuil taithí agus saineolas an tréimhse roimhe sin tabhartha ar aghaidh i bhfoilseacháin a tháinig níos déanaí. Go nuige seo, tá breis agus 900 foilseachán cnuasaithe, ina measc leabhair, altanna, tráchtais iarchéime, páipéirí comhdhála agus altanna i dtréimhseacháin.

Tá na foilseacháin cnuasaithe taighde dá n-aicmiú faoi láthair trína bhfhoroinnt i dtéamanna faoi leith, ina measc:

- Cearta an Linbh
- Curaclam
- Mí-bhuntáiste
- Éagsúlacht
- Oideachas agus Cúram Luath-Óige
- Oideachas Trí Mheán na Gaeilge
- Rannpháirtíocht Tuismitheoirí
- Feabhas
- Socheolaíoch/Stairiúil
- Riachtanais Speisialta
- Oiliúint agus Cáilíochtaí

Tá an t-iniúchadh taighde dulta ar aghaidh go maith agus táthar ag súil lena bhfoilsiú i mBealtaine na bliana seo. Beidh an t-iniúchadh ar fáil mar bhunachar sonraí ionchuardaithe ar Láithreán Ghréasáin an LFOLO nuair a bheidh sé ag obair. Sa bhealach seo, beifear ábalta an bunachar sonraí a choinneáil suas chun dáta i gcónaí.

Má tá moltaí ar bith agat d'ábhair nó foilseacháin a ba cheart a bheith san iniúchadh, cuir scéala le do thoil ar Thomas.walsh@spd.dcu.ie ag an Lárionad.